http://www.ahg.gov.ie/ie/DeisComhairliuchain/AthbhreithniuarAchtnadTeangachaOifigiula2003/Teimpleadlehaghaidhaighneachtai

CHUIG: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Ó: Helen Ó Murchú, Baile Átha Cliath

DÁTA: 30 Eanáir, 2012

ÁBHAR: Aighneacht

1. Tagaim i gcoitinne le:
    a. Ráiteas an Choimisinéara Teanga ar an ábhar, ina bhfuil tuairimí meáite atá bunaithe ar thaithí.
    b. Moltaí Chumann na nOifigeach Gaeilge san Earnáil Phoiblí agus moltaí eile chun feabhais, mar a nochtadh iad ag Tóstal na Gaeilge 2012.
    c. Moltaí Earnáil na Gaeilge, feic mar shampla moltaí Chonradh na Gaeilge agus tuairimí ó Sheimeanár ag Coláiste na Tríonóide 21 Eanáir 2012.
2. Easaontaím go hiomlán leis an moladh go nascfaí Oifig an Choimisinéara le hOifig an Ombudsman. Sa mhéid is go bhfuil an moladh sin á chur chun tosaigh mar chuid den phróiseas comhairliúcháin seo, glacaim leis go dtabharfar aird ar thuairimí freagróirí ina leith. Tagaim dá réir leis an Rún ó Pharlaimint na mBan (6 Eanáir 2012), rún a seoladh chun na Roinne.
3. Maidir le comhlachtaí poiblí agus seirbhís trí Ghaeilge, aon áit nach ann don tseirbhís sin, ní ar an gcomhlacht ciontach a chuirim an locht ach ar an easpa polasaí/córais i gcoitinne chun seirbhísí trí Ghaeilge a chinntiú. Má tá córas le cur in ionad, más de réir a chéile féin é, is córas d'fhonn a dheimhniú go mbeidh fostaithe áirithe in ann gnóthaí áirithe sonraithe a chur i gcrích le baill an phobail trí Ghaeilge ba chóir a bheith ann, agus scrúduithe cumais a bheith bunaithe air sin. Má tá na fostaithe seo le bheith ag soláthar seirbhísí don phobal trí Bhéarla agus trí Ghaeilge (nó trí Pholainnis/eile), is é sin seirbhís dhátheangach, ba chóir liúntas áirithe breise a bheith ar fáil dóibh, bunaithe ar an gcéatadán ama a gcaitear leis an seirbhís sa dara teanga.
4. Maidir le héileamh an phobail ar sheirbhísí, tá gá le poibliú i bhfad níos éifeachtaí, ar bhonn lárnaithe caighdeánach, ar a bhfuil ar fáil de na

seirbhísí céanna. Ní mór iad a bheith ar tairiscint ar bhonn oscailte fáiltiúil neamhdhoicheallach. Níor mhiste díriú ar chuid áirithe a bheith ar fáil mar thús, agus mar a bheadh maíomh á dhéanamh astu sa phoiblíocht a dhéanfaí, seachas díriú ar na heasnaimh. Thar aon ní eile, ní mór an dearcadh a nochtadh le laethanta anuas i gcás bileoga eolais do phaisinéirí tacsaí a sheachaint. Is é sin, déan é (= a bhfuil ar fáil gan stró i mBéarla) a íoslódáil má tá sé uait **i nGaeilge.** Is cothromaíocht teanga agus comhionannanas seirbhísí de chineál thar a bheith leataobhach a leithéid. Ní mór meas a bheith á thaispeáint do shaoránaigh a dhéanann rogha den Ghaeilge. Ní bhaineann sé le hábhar go bhfuil na saoránaigh sin dátheangach chomh maith. Le dearcadh mar sin ó chomhlachtaí státbhunaithe agus staturraithe, ní shroichfear go brách an 250,000 cainteoirí atá á lorg tríd an Straitéis 20-Bliain don Ghaeilge.

5. Agus is ansin atá an fhadhb agus an laige is mó sa phróiseas seo ar fad. Táthar ag laghdú lá in aghaidh lae ar frapaí an Stáit i leith na Gaeilge, in ainm 'costais a ghearradh', nó 'luach ar airgead', nó 'éifeachtúlacht' nó téarma eile nach mínítear sa chomhthéacs. Tuigtear go bhfuil airgead gann, sin fíric ar féidir déileáil léi. Ach ní mór déileáil léi laistigh de chomhthéacs soiléir polasaí agus straitéise i dtreo is nach mbainfear den bhfuaimint agus de na béamaí taca cé go mb'fhéidir go mbeidh an tógáil féin ar ionad na Gaeilge sa tír agus sa tsochaí níos moille á chur chun cinn ná mar a measadh. Gan an osradharc sin, ag feidhmiú mar atá le scrúdú ar rud amháin inniu (e.g an tAcht) agus rud eile amárach (e.g. scoileanna beaga Gaeltachta), níl ann ach tincéireacht, ag seinm fhaid is atá an foirgneamh á dhó.